



Uimhir Charthannachta: 20052508
CHY 15308

Polasaí Idirlín

Faofa ag Coiste Stiúrtha Feachtas ar:
15.06.20

Uimhir Charthanachta:	20052508
Uimhir chláraithe cánach:	4734511F

Clár

Leathanach

1. Réamhrá.	3
2. Misean agus Fís Feachtas Óg-Ghluaiseacht Gaeilge	5
3. Gluais	13
4. Agúisín 1. Treoracha do dhaoine óga chun bheith sábháilte ar líne	14
5. Agúisín 2. Seicliosta slándála le haghaidh obair óige digiteach	15
6. Agúisín 3. An Polasaí Úsáide Inghlactha	16

Réamhrá

á daoine óga ag dul i mbun na meáin digiteacha agus nua teicneolaíocht

T níos mó agus níos mó. Tá sé soiléir go bhfuil ról ag cleachtas obair óige ar líne i dtéarmaí spás nua do obair óige a úsáid ar bhealach fiúntach, ag tacú le litearthacht digiteach agus ag cur ar chumas daoine óga feidhmiú le cuid de na rioscaí bainteach leis. Is iad na himpleachtaí úsáide d’oibríthe óige ná go bhfuil inniúlachtaí nua ag teastáil agus bealaí nua chun teorainn ar ghaolta le daoine óga a choimeád. – Ráiteas an dara Comhdháil Eorpach ar Obair Óige.2015

Ciallaíonn obair óige digiteach obair óige a úsáideann na meáin digiteach agus nua-theicneolaíocht chun cur le forbairt daoine óga atá dírithe ar thorthaí.

Is féidir é a úsáid mar uirlis, bíodh sé sa chlub féin nó ar líne. Chomh maith leis sin is féidir é a úsáid mar ábhar seisiúin i suíomh obair óige. Braitheann úsáid obair óige digiteach ar rudaí cosúil le hacmhainní eagrais chomh maith leis na torthaí do na daoine óga atá á lorg.

Tá forbairt óige torthaí dírithe (outcome focused youth development) ag croílár obair óige digiteach. Tá 5 torthaí náisiúnta leagtha síos ag an Creat Pholasáí “Be[er Outcomes, Brighter Futures” agus ag an Straitéis Náisiúnta Óige. Táthar ag súil go mbeidh obair óige ag tacú leis na 5 torthaí sin. Is féidir le obair óige digiteach cur go mór leis sin.

Is iad na 5 torthaí:

1. Go mbeadh daoine óga gníomhach agus sláin_úil go fisiciúil agus go meabhrach.
2. Go mbainfeadh siad amach an mianach/acmhainneacht iomlán atá iontu sa réimse foghlama agus forbartha.
3. Go mbeadh siad slán agus cosanta ó dochar
4. Go mbeadh sábháilteacht agus deis eacnamaíoch acu.

5. Go mbeadh siad rannpháirteach agus bainteach ina bpobal agus go mbeadh meas orthu.

Léiríonn taighde go bhfuil daoine óga atá liteartha go digiteach níos sábháilte ar líne. Go minic bíonn páisa óga, ach go háirithe, gan na scileanna bunúsacha i réimsí tábhachtacha slándála agus socruithe príobháideacht. Chomh maith leis sin go minic ní bhíonn daoine óga ó phobail socheacnamaíocha níos boichte in ann an litearthacht digiteach céanna a báil leo siúd a bhfuil níos mó deiseanna acu. Is féidir le obair óige digiteach cuidiú go mór leis na daoine óga sin. Soláthraíonn sé deis cothrom do gach duine chun na féidearthachtaí móra a bhaineann le obair óige digiteach a báil agus iad a báil go sábháilte.

Féach Agúisín 2 – Seicliosta slándála le haghaidh obair óige digiteach

Tá orainn cothromaíocht a báil in obair óige sna meáin sóisialta idir rannpháiraíocht agus sábháilteacht. Caithfidh eagrais cúram a thabhairt do sábháilteacht ar líne na daoine óga, na daoine deonacha agus an boireann, díreach mar a dhéanann siad don sábháilteacht fisiciúil. Ba cheart go mbeadh polasaithe idirlín agus na meáin sóisialta mar chuid de pholasaithe eile an eagrais. Mar shampla: An Polasaí Churam Leanaí, an Polasaí Chosaint Sonraí, Cláir Measúnuithe Riosca, Polasaí Iompair Foirne agus Measúnú agus Cleachtas Smachta.

Roinnt Smaointe

Glac páirt! Tá na meáin sóisialta, sóisialta. Ná bain úsáid astu díreach chun fógraí nó teachtaireachtaí a thabhairt. Má chuirtear ceist – freagair é! Bíonn daoine a úsáideann na meáin sóisialta ag súil le comhrá agus freagraí. Bain úsáid as foclaíocht atá mealltach agus éasca a thuiscint ag na daoine óga.

Bí oscailte le foghlaim. Bíonn na meáin sóisialta ag athrú agus ag forbairt de shíor. Go minic bíonn daoine óga níos eolach i dtaobh uirlisí agus ardáin ar leith ná na hoibrithe – bí toilteanach foghlaim ó na daoine óga agus ó daoine eile.

Ba cheart glacadh leis go bhfuil úsáid na meáin sóisialta (Twitter, Facebook, Instagram agus ardáin líonrú sóisialta eile) poiblí i gcónaí. Is cuma faoin méid leanúnaithe atá ag an eagrais nó na socruithe príobháideacht atá againn, is féidir gach rud a chuirtear ar líne a roinnt le lucht féachana leathan, bíodh sé sin uait nó a mhalairt.

Ba cheart déanamh cinnte de go bhfuil iompair ar líne i líne le luachanna agus prionsabail an eagrais, agus go dtuigeann gach duine atá bainteach leis an eagrais an riachtanas seo

Ba cheart féachaint ar pholasaí agus dea-chleachtas idirlín mar cáipéisí beo agus ba cheart athbhreithniú a dhéanamh orthu go rialta (gach 6 mhí ar a laghad) mar go n-athraíonn an _mpeallacht ar líne – socruithe príobháideacht san áireamh- ar bonn rialta.

Bíodh comhsheasmhacht idir na polasaithe agus nósanna a rialaíonn an domhan fisiciúil agus na cinn don idirlín. Mar shampla ós rud nach gceadaítear oibrithe nó daoine deonacha a bheith le daoine óga ina n-aonar, déan cinnte mar sin nach mbíonn oibrithe nó daoine deonacha ag plé ar líne ina n-aonar le daoine óga.”

Misean Feachtas Óg-Ghluaiseacht Gaeilge

An Ghaeilge a chur chun cinn i measc daoine óga agus tacú lena bhforbairt phearsanta agus shóisialta trí chlár fiúntach, taitneamhach agus dúshlánach a chur ar fáil i gcomhpháirt leis na daoine óga.

Fís Feachtas Óg-Ghluaiseacht Gaeilge

Go spreagtar daoine óga, trí rannpháirteachas in imeachtaí Feachtas, bheith féinmhuíneach, gníomhach agus bródúil as an nGaeilge agus go mbeidh pobal na Gaeilge agus sochaí na are i gcoi_nne níos saibhre dá bharr.

An Ghaeilge

Is eagrais Gaeilge muid. Is í an Ghaeilge an teanga a úsáidtear i ngach gné dár gcuid oibre.

Polasaí Úsáide Inghlactha (PÚI)

Is doiciméad tábhachtach é Polasaí Úsáide Inghlactha (PÚI) a rialaíonn an úsáid a bhaineann daoine Óga as an Idirlíon agus na meáin sóisialta nuair atá siad faoi chúram Feachtas Óg-Ghluaiseacht Gaeilge agus a chlúdaíonn réimse leathan saincheisteanna a bhaineann le cearta, freagrachtaí agus pribhléidí – chomh maith le smachtbhannaí – a bhaineann le húsáid ríomhairí. **Féach aguisín 3.**

Conas is féidir cabhrú le duine óg atá ag fulaingt cibearbhulaíocht

Labhair go réidh, agus coinnigh gruaim ort féin. Cuir an duine óg ar a s(h)uaimhneas trí chur in iúl dó/di go dtarlaíonn an rud seo do go leor daoine.

An chéad rud le déanamh ná éisteacht. Éist le bá, ná ceistigh an duine óg cosúil le garda. Má thagann siad chugat ag lorg cabhair, léiríonn sé seo go bhfuil muintín acu asat. Bí cúramach gan dochar a dhéanamh don muintín seo tríd dul ar mire nó rud eile a dhéanamh a bheadh siad míchompordach leis. Ag an am céanna caithfear cur in iúl dóibh go mbeidh ort labhairt lena dtuismitheoirí chun gur féidir leat cabhrú leo.

Má tá an cibearbhulaíocht go han-tromchúiseach, nó go bhféadfadh sé a bheith ina chion coiriúil ba cheart dul i dteagmháil leis na Gardaí áitiúla.

Chabhraigh leis an duine óg chun a m(h)uinnín agus a féin-mheas a neartú. Má tá an duine óg go mór faoi strus tá sé tábhachtach gur féidir leo labhairt le duine éigin. B'fhéidir go gcabhródh comhairleoir proifisiúnta. Cuireann **“Childline”** seirbhís tacaíochta éisteachta ar fáil do dhaoine óga.

Cén comhairle is ceart a thabhairt don duine óg?

- i. **Ná Freagair:** Ní cheart do dhaoine óga freagra a thabhairt riamh ar theachtaireachtaí a chiapann nó a chránn iad. Is maith leis an maistín/bulaí fios a bheith aige/aici gur chuir siad as don íospartach. Má fhaigheann siad freagra cothaíonn sé sin an fhadhb agus bíonn rudaí níos measa dá bharr.
- ii. **Coimeád na teachtaireachtaí:** Má choimeádtar na teachtaireachtaí mailíseacha beidh an duine óg in ann tuairisc scríofa a thabhairt ar an cibearbhulaíocht, na dátaí agus na huaireanta. Beidh sé seo úsáideach d'aon duine atá ag fiosrú an cúis, mar shampla an scoil nó na gardaí. Is féidir an fianaise seo a choimeád trí seatanna scáileáin a thógáil nó trí leathanaigh gréasáin a phriontáil.
- iii. **Blocáil an seoltóra:** Ní cheart go mbeadh ar aon duine cur suas le ciapadh ó duine eile. Is féidir le daoine óga seoltóirí a bhlocáil trí soláthróirí seirbhíse, is cuma más ó fóin póca, líonrú sóisialta nó seomraí comhrá, a thagann na teachtaireachtaí mailíseacha. Má tá a fhios agat cé hé/hí an seoltóir cuir iachall air/uirthi an teachtaireacht a bhaint. Má déantar fiosrú faoin seoltóir is ceart gach fianaise a choimeád.
- iv. **Tuairiscigh fadhbanna:** Déan cinnte go dtuairiscíonn an duine óg cásanna cibearbhulaíochta do na suíomh gréasáin nó soláthróirí seirbhíse. Tá uirlisí tuairisciú ag suíomh ar nós Facebook. Má úsáideann an duine óg na huirlisí seo beidh sé/sí ag tabhairt eolais do dhaoine ar féidir leo cabhrú chun deireadh a chur le cibearbhulaíocht.

Freisin d'fhéadfadh an duine óg a c(h)uid pasfhocail a athrú agus a c(h)uid sonraí teagmhála. Chomh maith leis sin d'fhéadfadh sé/sí bac a chur lena c(h)uid próifíl ar láithreáin líonrú sóisialta.
- v. **Príobháideacht:** Spreag an duine óg chun eolas pearsanta a choimeád príobháideach ar an idirlíon.

Ba cheart go dtuigfeadh daoine óga go ndéanann cibearbhulaíocht, agus gach sórt bulaíocht, dochar mothúchánach.

Gortaíonn gach sórt bulaíocht, cruthaíonn siad pian agus ba cheart deireadh a chur leo.

Cuideoidh sé le húsáid idirlíne freagrach má chuirtear béim ar seo leis na daoine óga – agus má chuirtear i bhfeidhm orthu an tábhacht a bhaineann le gan seasamh siar nuair atá íospartach á dhéanamh de dhuine eile.

Cad is ceart déanamh má tharlaíonn sé gur íospartach duine óg atá san eagrais.

- Labhair go réidh, agus coinnigh gruaim ort féin. Cuir an duine óg ar a s(h)uaimhneas trí chur in iúl dó/di go dtarlaíonn an rud seo do go leor daoine.
- Iarr air/uirthi gan féachaint ar an fíis agus aon ráitis a rinneadh faoi.
- Bí tacúil. Is féidir le eachtra dúmhál cheamara gréasáin a bheith an-íogair agus an-chiotach dóibh ar fad, agus beidh bá agus athdhearbhú ag teastáil uathu.
- Tá sé tábhachtach an méid eolais agus is féidir a fháil. Cabhróidh sé seo chun íomhánna nó físeanna a bhaint de na láithreáin líonrú Sóisialta agus cabhróidh sé freisin má tá fiosrúcháin coiriúil.
- Ná híoc aon airgid le dúmhálaithe mar nach bhfuil aon cinnteacht go gcuirfidh sin deireadh leis an mbagairt. Tá go leor eachtraí dúmhál cheamara gréasáin ann inar éiligh dúmhálaithe tuilleadh airgid ó íospartaigh i ndiaidh do na híospartaigh airgead a íoc leo cheana féin.
- Déan taifead ar aon sonraí gur féidir leat i dtaobh na dúmhálaithe – a bpróifíl, a gcuntas chomhrá gréasáin, a gcuntas Skype, a n-uimhir cuntas bainc srl.
- Más rud é gur uaslódáil an calaoiseoir fíis den duine óg ar líne, tuairiscigh an fíis seo láithreach don suíomh gréasáin atá á hóstáil. Déan cuardach ar líne le haghaidh aon suíomhanna eile a d'fhéadfadh an ábhar físe a hóstáil. Is féidir eachtra mí-dhleathach ar líne a thuairisciú do Hotline.ie

- Déan teagmháil leis na Gardaí agus tabhair tuairisc ar an eachtra. Tá sracaireacht mí-dhleathach. D'fhéadfadh na híomhánna a bheith mí-dhleathach freisin má tá an duine óg faoi aois (a 18?). Feictear air sin mar phornagrafaíocht leanaí.
- Má dhéantar íocaíocht, déan teagmháil le do bhanc chomh luath agus is féidir chun é a chur ar ceál.
- Déan tuairisc ar an gcalaoiseoir don suíomh/seirbhís ina rinneadh teagmháil ar an gcéad dul síos.
- Má tá an duine óg an-bhuartha ba cheart go mbeadh duine éigin acu gur féidir leo labhairt leis/léi ina thaobh. D'fhéadfadh comhairleoir proifisiúnta cabhrú b'fhéidir. Tugann **Childline** seirbhís tacaíocht éisteachta do dhaoine óga.

Chun teagmháil a dhéanamh leis an Garda Síochána:

- Buail isteach chuig an stáisiún, nó cuir glooch ar an stáisiún ái_úil;
- I gcás éigeandála cuir glooch ar 999/112 nó
- Déan teagmháil le líne chabhrach na Gardaí le tuairisciú ar mhí-úsáid gnéis ar leanaí: 1800 555 222

Is fearr an meán ríomhaireachta (fón cliste, táibléad, nó ríomhaire glúine) ar ar tharla an eachtra cumarsáide, a mhúchadh agus é a chur ar fáil do na Gardaí le iniúchadh a dhéanamh air.

Aq tuairisciú craolacháin

Má fheiceann tú rud éigin a chuireann isteach ort is féidir tuairisc a dhéanamh leis an ardán líonrú sóisialta tríd an uirlis tuairisciú. Ba cheart d'úsáideoirí aon ráiteas maslach a fhaigheann siad a thuairisciú agus bac a chur leis an seoltóir.

Zoom

Deir polasaí príobháideacht Zoom nach ligeann siad go feasach do dhaoine óga faoi 16 cuntas dá gcuid féin a oscailt agus nuair a chruthaítear cuntas

lorgaíonn siad dáta breithe, ach ní úsáideann siad aon deimhniú aoise eile.

Áfach ní gá cuntas Zoom a oscailt chun páirt a ghlacadh i gcruinniú Zoom.

Cuimhnigh: in Éirinn is é 16 an aois toilithe digiteach, ciallaíonn sé seo gur gá do soláthraí seirbhísí idirlín cead tuismitheora a fháil chun sonraí daoine óga faoi 16 a phróiseáil.

Príobháideacht agus buarthaí slándála

Cosúil le gléas nó ardán ar bith, tá sé tábhachtach tuiscint conas a oibríonn Zoom, agus an acmhainneacht do rioscaí atá ann. Tá roinnt ceisteanna sa phobal i dtaobh an seirbhís seo, "Zoom bombing" san áireamh. Tarlaíonn sé seo nuair a bhriseann strainséirí isteach ar cruinnithe chun trioblóid a chruthú. Uaireanta is de bharr gur roinneadh nasc an chruinnithe ar fóram poiblí, áit gur féidir le haon duine rochtain air go héasca.

Chun na rioscaí a laghdú, ba cheart am a chaitheamh ag cur aithne ar na heochair rialúchána i gcóir príobháideacht agus an maoirsiú gur féidir le óstach a úsáid i rith cruinnithe.

Nóta: Déanann Zoom nuashonraithe go rialta chun buarthaí leis an suíomh/láithreán a réiteach agus, má táthar ag baint úsáid as an seirbhís, cuimhnigh go bhféadfadh go mbeadh athraithe ar na socruithe slándála agus príobháideacht thar ama.

Príobháideacht chruinnithe

- Tá sé tábhachtach a chinn_ú nach roinntear eolas príobháideach ar láithreán poiblí, agus freisin aire a thabhairt ar cé a baigheann sonraí chruinnithe, agus conas a roinntear an t-eolas sin. Bíonn cruinnithe Zoom cosanta ag pasfhocal go huathoibríoch anois. Ciallaíonn sé seo go mbíonn ar daoine ar mhaith leo páirt a ghlacadh sa chruinniú uimhir aitheantais agus pasbocal an chruinnithe a chur isteach chun rochtain air. Mar sin féin, is féidir le rannpháir_the url an chruinnithe a úsáid chun páirt a ghlacadh ann gan pasbocal a úsáid.

Seomraí Feithimh.

Is taiscumar morúil seomra feithimh a stopann rannpháira ó pháirt a ghlacadh i gcruinniú go da go nglacann an óstach leis/léi, agus ligeann isteach é/í. Is socrú uathoibríoch é seo do chruinnithe Zoom anois.

Glas ar chruinniú.

Ciallaíonn sé seo go bhfuil bac ar daoine páirt a ghlacadh i gcruinniú fiú má tá an uimhir aitheantais agus pasbocal acu.

Eochracha rialúchána

Chun bac a chur ar rannpháir_the a ghlacann smacht randamach ar an scáileán, is féidir leis an óstach ceadanna a theorannú tríd an painéal rialúcháin. Is féidir é seo a athrú roimh agus i rith chruinnithe.

Cuireann Zoom roinnt uirlisí maoirseachta ar fáil, san áireamh tá an cumas ag óstaigh ms na rannpháir_the a mhúchadh, cead cainte a mhúchadh, cóid a traschur a mhúchadh, agus comhrá idir rannpháir_the a mhúchadh.

Roinnt comhairle i dtaobh Zoom

- Cuir tú féin ar an eolas i dtaobh na socruithe aip agus téigh tríd na socruithe slándála leis na daoine óga: support.zoom.us/Settings-Controls
 - Bain úsáid as socruithe slán príobháideach, cuir i gcuimhne do na daoine óga gan nasc chruinnithe a roinnt ach amháin le baill eile Feachtas agus seachain gan nascanna a roinnt ar na meáin sóisialta.
 - Leid tábhachtach – bain úsáid as pasfhocal nua le haghaidh gach cruinniú nua Zoom.**
 - Cuir i gcuimhne do na daoine óga go mbeidh taifead ar na cruinnithe, Is fearr comhrá beag a bheith agat leo i dtaobh cad is ceart a rá ar líne agus an sórt eolais nár cheart a roinnt.
 - Is féidir meabhrú dóibh gur féidir leo teacht chugat i dtaobh aon rud mí-chuí a fheiceann siad ar líne nó aon rud a chuireann isteach orthu.
 - An bhfuil aon srianta aoise i gceist le Tik Tok?
-
- Is é trí bliana déag (13) an aois is óige atá leagtha síos ag Tik Tok, ach in Éirinn is é sé bliana déag (16) an aois toilithe digiteach. Aon duine óg**

faoin aois sin caithfidh siad cead a Qáil óna dtuismitheoirí nó caomhnóirí chun úsáid a bhaint as.

- Conas is féidir fostuithe agus daoine deonacha a chosaint?
- D'béadfadh sé bheith úsáideach próiml pearsanta fostaí, nó duine deonach, (ar Facebook, nó Twi[er mar shampla) a scaradh óna próiml san eagrais. Gríosaíonn a lán eagrais a gcuid foirne chun féiniúlacht oibre a chruthú ar líne. Cé go bhfuil sé seo i gcoinne polasaithe roinnt de na hardáin líonrú sóisialta tá sé úsáideach don eagrais é seo a dhéanamh.
- Roinnt moltaí:
- Má chruthaítear na próiml oibre seo ba cheart don eagrais cead rochtana ar na próiml a choimeád i gcónaí – na hainmneacha úsáideora agus na pasbocail san áireamh.
- Ba cheart sean chuntais a scrios – mar shampla iad siúd a bhain le hoibrithe nó daoine deonacha a d'bág an eagrais nó togra.
- Ba cheart tuairisciú a dhéanamh ar aon próiml atá amhrasach, nó bac a chur leis.
- Nuair a dhéanann duine óg , a mhothaíonn goilliúnach, teagmháil le duine de na hoibrithe, nó duine deonach, ba cheart é seo a thuairisciú agus é a láimhseáil i líne le polasaí agus dea-chleachtas Cosaint Leanáí
- Ba cheart go mbeadh polasaithe cuí ag an eagrais i dtaobh úsáid príobháideach na meáin sóisialta agus ba cheart daoine a chur ar a n-airdeall faoi na rioscaí a d'béadfadh droch-ainm a tharraingt ar an eagrais.

Gluais.

Acceptable Use Policy (AUP) = Polasaí Úsáide Inghlactha (PÚI)

Social Networking Sites (SNS) = láithreáin líonrú sóisialta (LLS)

Social Networking platform = ardán líonrú sóisialta

Cyberbullying = cibearbhulaíocht

Sexting = gnéastéacsáil

Blackmail = dúmhál

Screenshots = seatanna scáileáin

ICT (information and communications technology) = Teicneolaíocht na faisnéise agus na cumarsáide (TFC?)

Sanction=Smachtbhannaí

Consent = toiliú

Gaming = is “ríomhchluichíocht” atá i gceist anseo agus ní “cearrbhachas”

Safety settings = socruithe sábháilteachta (ar an idirlíon)

Two factor authentication = fíordheimhniú pasfhocail dhá

fachtóir Website = suíomh/láithreán gréasáin

Internet service provider = soláthraí seirbhísí idirlín

App/appliance = Aip

Function = feidhm

Live streaming = sruthú beo

Extortion = sracaireacht

Fraudster = calaoiseoir

Agúisín 1

TREORACHA DO DHAOINE ÓGA CHUN BHEITH SÁBHÁILTE AR LÍNE

- Níl aon rud príobhá ideach ar an idirlíon
- Ná roinn eolas pearsanta nó oscailte i.e. pas5hocail/uimhir fó in/seolad
- Déan uasdá tú ar do chuid pas5hocail go rialta agus bain ú sá id as pas5hocail atá deacair a thomhais.
- Ná creid go bhfuil gach duine ag insint na fírinne fú thu féin ar líne
- Cuimhnigh go maireann gach rud ar líne go deo = clic uair amhá in, ar líne go deo
- Bíodh do chuid cearta ar eolas agat agus tú ag baint ú sá id as an idirlíon
- Tá tú freagrach as gach a dhéanann tú ar líne
- Bí cú ramach má osclaíonn tú ríomhphoist ó duine nach bhfuil ait agat air/uirthi ná hoscail aon cheangaltá n atá leis go bhfuil tú cinnte bhfuil sé sá bhá ilte é a dhéanamh.
- Coimeá d do bhogearra frithvíreas suas chun dá ta.
- Bí ar an eolas i dtaobh an só rt rud a tharraingeodh triobló id ort nó at mídhleathach ar líne agus seachain iad.
- Tabhair neamhaird ar iarratais chun bualadh le duine éigin nach bhfuil aithne agat air nó uirthi i d'aonar
- Ná seol grianghraf díot féin chuig duine, go há irithe má iarrann sé grianghraf a thaispeá nann an iomarca díot féin nó gan tú bheith gle
- Inis do duine fá sta, proi5isiú nta nó cara má tá inní ort i dtaobh rud bith ar líne
- Má mhothaíonn tú go bhfuil rud éigin cearr/mícheart gach seans go bhfuil an ceart agat
- Faigh amach i dtaobh Polasaí UG sá ide Inghlactha Feachtas ionas go dtuig5idh tú an caighdeá n iompair atá uainn agus tú ag baint ú sá id idirlíon agus tú linn.

Agúisín 2

Seicliosta slándála le haghaidh obair óige digiteach

Is cuma más clár sláinte 10 seachtaine, nó más togra gearr le haghaidh comórtas ar líne, atá i gceist is ceart smaoineamh ar na rudaí seo thíos:

- An bhfuil na scileanna digiteacha cuí agus an bhfuil an ábhar cuí le haghaidh na daoine óga seo agus a n-aois grúpa? An bhfuil aon daoine óga leochaileacha i gceist agus an bhfuil tacaíocht breise ag teastáil uathu chun páirt a ghlacadh?
- An ndearnadh measúnú riosca le haghaidh an togra/clár seo? An bhfuil aon tosca sláinte agus slándála eile le cur san áireamh, mar shampla má tá uirlisí ag teastáil?
- An bhfuil Polasaí Úsáide Inghlactha (PÚI) ag Feachtas? An bhfuil foirmeacha ceada, sínithe ag na daoine óga agus ag a dtuismitheoirí/ caomhnóirí? An féidir é seo bheith mar chuid de seisiúin ar chód iompair/conradh grúpa leis an duine óg/grúpa?
- An bhfuil a bios ag na daoine óga conas tacaíocht a aimsiú nó buarthaí a thuairisciú? An bhfuil na scileanna agus muinín acu chun é seo a dhéanamh le duine nó ar líne?
- Conas a ndéanfaidh muid measúnú ar na torthaí do na daoine óga ó thaobh litearthacht na meáin digiteach?
- An fiú postanna a thabhairt do na daoine óga ag déanamh an togra? Mar shampla: Oifigeach Sláinte agus Slándála nó Léiritheoir.

Agúisín 3.

Polasaí Úsáide Inghlactha (PÚI)

Saoránacht Digiteach

Féinmheas

Taispeánfaidh mé meas dom féin trí mo chuid gníomhartha. Ní úsáidfidh mé focail nó íomhánna míchuí ar an idirlín nó ar láithreáin gréasáin Feachtas. Ní sheolfaidh mé eolas pearsanta mí-chuí faoi mo shaol, mo thaithí nó mo ghaolta/chairde.

Féinchosaint

Déanfaidh mé cinnte nach gcuirfidh an t-eolas, a sheolfaidh mé ar líne, faoi riosca mé. Ní boilseoidh mé sonraí teagmhála iomlána, sceideal de mo chuid imeachtaí nó sonraí pearsanta mí-chuí. Tuairisceoidh mé i dtaobh aon iompair dírithe orm atá bagrach nó mí-chuí. Ní roinnfidh mé mo phasbocal nó sonraí chuntais le haon duine eile.

Meas ar daoine eile

Taispeánfaidh mé meas ar daoine eile. Ní úsáidfidh mé na meáin leictreonacha chun bulaíocht no stalcaireacht a dhéanamh ar dhuine eile nó chun iad a chiapadh. Ní úsáidfidh mé láithreáin atá maslach, pornagrafach, ciníoch nó a cheapfadh Feachtas go raibh sé mí-chuí. Ní bhainfidh mé mí-úsáid as mo phribhléidí rochtana agus ní rachaidh mé isteach i gcuntais daoine eile.

Daoine eile a chosaint

Cosnóidh mé daoine eile trí drochíde nó mí-úsáid a thuirisciú. Ní sheolfaidh mé aon ábhar (ríomhphoist agus íomhánna san áireamh) a cheapadh Feachtas go raibh sé mí-chuí.

Cóipcheart a chosaint

Leanfaidh mé na rialacha dea-úsáide. Ní chuirfidh mé bogearraí ar ríomhairí Feachtas gan cead. Ní ghoidfidh mé ceol nó aon meán eile, agus staonfaidh mé ó na rudaí sin a dáileadh i dtreo a sháraíonn a gceadúnas.

Teicneolaíocht a chosaint

Tabharfaidh mé cúram do fearais teicneolaíochta daoine eile agus Feachtas.

Aontú

Glacaim leis an polasaí seo chun meas a thaispeáint orm féin agus ar daoine eile. Glacaim go mbeidh ócáidí nuair a iarrtar orm fóin póca a chur i dtaisce le ceannairí. Tuigim mura leanaim na treoracha go mbeidh pionós ag dul leis.

Duine óg

Tuismitheoir/Caomhnóir

Dáta

